

Comhairliúchán Poiblí ar thograí chun an próiseas do Chlárúchán Toghthóirí a nuachóiriú

A chara,

Tá roinnt moltaí agam.

1. Go mbeadh ainmneacha áiteanna sa Ghaeltacht sa Teanga Náisiúnta amháin.
2. Go mbeadh ainmneacha áiteanna eile a bheith go dhá theangach agus iad ar chomh chéim, Gaeilge ar dtús agus ansin Béarla.
3. Ainmneacha vótóirí a bheith litrithe i gceart le sínte fada agus eile i gceart.
4. Go mbeadh liosta vótóirí ar líne éasca a úsáid. Tá mise i mo chónaí i gceantair Gaeltachta le fada agus níor éirigh liom mé fhéin a aimsiú ar an liosta. Níl an áit ar an liosta mar is ceart go mbeadh (i nGaeilge) agus tá níos mó ná litriú amháin á úsáid mar leagan Béarla.
5. Smaoinigh leis go bhfuil daoine ann chomh maith nach féidir leo ríomhairí agus an idirlín mar sin is ceart go mbeadh gach rud le fail (liostaí 7r1) a bheith le fail go h-éasca go mór mór in áiteanna faoin dtuath.
6. Go mbeadh bealach ann le vóta a caitheamh más amhlaigh go bhfuil tú as baile (vóta trén bpost)
7. Go mbeadh ainmneacha daoine atá tár éis bháis bainte ón liosta go huathoibríoch – b'fhéidir tré nasc a bheith ann idir Clárúitheoirí Breitheanna, Básanna agus Póstaí agus an Clárúitheoirí Vótóirí (bain úsáid as na h-uimhreacha nua PPS).

Go n-éirí leis an obair.

Eoin Ó Riain